OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

| | |
|---|---|
| Cód: | QA007 |
| Teideal: | **Pleananna Oibriúcháin – Aonaid Acadúla** |
| Dáta: | 27/10/2020 |
| Faomhadh: | An Chomhairle Acadúil |

**1.0 Aidhm**
Treoirlínte maidir le (1) forbairt agus tuairisciú 'Pleananna Oibriúcháin' sa bhliain acadúil nua agus (2) tuairisciú ar 'Fheabhsuithe Feidhmíochta agus Caighdeáin' a baineadh amach le bliain anuas.

**2.0 Cur síos**
Iarrtar ar Aonaid (Scoileanna, Coláistí, etc.) **Pleananna Oibriúcháin** bliantúla a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt ina leith agus i leith **Feabhsuithe Feidhmíochta agus Caighdeáin** atá curtha i gcrích.

**2.1** Pleananna Oibriúcháin
Sa Phleanáil Oibriúcháin déantar gníomhartha a aithint a chuirfeadh leis an bhfeidhmíocht agus leis an gcaighdeán i gcomhréir le Plean Straitéiseach na hOllscoile trí chéile agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara éagsúla, agus áirítear leo gníomhartha ó Athbhreithnithe Feabhais Scoileanna agus Pleananna Gnímh IRRP nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill. Ba cheart go mbeadh Pleananna Oibriúcháin gairid agus beacht agus is féidir iad a bhunú ar liostaí tábhachtacha – **táscairí** agus **gníomhartha.** Is féidir an tríú gné a úsáid chomh maith – **spriocanna.**

**Táscairí** (is é sin slata tomhais, méadrachtaí, etc.) – is bearta feidhmíochta iad seo ar féidir iad a thomhas. Ba cheart go mbeadh na spriocuimhreacha i gcás gach Táscaire inchreidte agus réalaíoch ach ba cheart go mbeidís uaillmhianach chomh maith, más cuí. Is féidir slata tomhais ón am atá caite, agus spriocanna don am atá le teacht a úsáid mar tháscairí.

**Gníomhartha** (is é sin tionscnaimh, tionscadail, smaointe, etc.) – is smaointe agus tionscadail ghearrthéarmacha iad seo a chuirfeadh leis an bhfeidhmíocht agus leis an gcaighdeán agus is féidir iad a chur i gcrích taobh istigh den bhliain acadúil ach a mbeidh tréimhse dhá nó trí bliana i gceist leo in amanna. Ídíonn gníomhartha acmhainní de ghnáth – am agus/nó airgead.

**Spriocanna** (is é sin cuspóirí, straitéisí, etc.) – is cuspóirí nó ráitis mheántéarmacha nó fhadtéarmacha ar mhaithe le hathrú iad seo a chuirfear i gcrích taobh istigh de dhá nó trí bliana. Is féidir iad a achoimriú in eochairfhocail mar atá Taighde, Teagasc, Próisis agus Eagrú agus na hathruithe molta a léiriú sna réimsí seo.

**2.2** Feabhsuithe Feidhmíochta agus Cáilíochta
Is éard atá i bhfeabhsuithe feidhmíochta agus cáilíochta ná liosta de na gníomhartha atá curtha i gcrích nó atá le cur i gcrích go luath chun feabhsuithe inchainníochtaithe ar fheidhmíocht agus ar cháilíocht a sholáthar.

**2.3** Athbhreithnithe Feabhais na Scoile agus Pleananna Gnímh IRRP
Ba cheart gníomhartha móra, eisceachtúla ó Athbhreithnithe Feabhais Scoile agus Pleananna Gnímh IRRP, nó moltaí ó aon athbhreithniú nó aon tuairisc ábhartha eile a chur san áireamh i bPleananna Oibriúcháin Scoile agus déanfar monatóireacht orthu gach bliain.

**2.4** Modheolaíocht
Rachaidh an tUachtarán Ionaid, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla agus na Déin i mbun plé leis na Cinn Aonaid, maidir le forbairt agus feidhmiú na bPleananna Oibriúcháin. Rachaidh na Cinn Aonaid chun cainte lena gcomhghleacaithe ar fad ansin chun príomhghníomhartha agus táscairí feidhmíochta a aontú. Déanfaidh Déin agus Cinn Aonaid athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta ar bhonn rialta. Gach bliain iarrtar ar an Aonad tuairisc a thabhairt ar a Phlean Oibriúcháin don bhliain atá le teacht agus tuairisciú chomh maith maidir leis na feabhsuithe feidhmíochta agus cáilíochta a rinneadh le bliain roimhe sin.

**3.0 Freagrachtaí**

| Ainm | Freagracht |
|---|---|

| | |
|---|---|
| An tUachtarán Ionaid | Úinéir an Pholasaí |
| Mór-Aonaid (Scoileanna, Coláistí, Institiúidí) | Pleananna Oibriúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Plé ar an dul chun cinn ag cruinnithe tábhachtacha. |
| An tUachtarán Ionaid, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla agus | Maoirseacht ar Phleananna Oibriúcháin agus ar an mbealach a luíonn siad le straitéis na hOllscoile agus le riachtanais na bpáirtithe leasmhara trí chéile. |

| | |
|---|---|
| Déin | |

**4.0 Ceangaltáin**

Plean Oibriúcháin – Sampla

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

**Plean Oibriúcháin – Sampla**
Is féidir le scoileanna a gcuid táblaí/tuairiscí féin a fhorbairt bunaithe ar a gcuid riachtanas ach moltar dóibh táblaí a choinneáil atá beacht agus furasta a mhíniú.

**Táscairí Feidhmíochta:**

| Sprioc | Táscaire | Luach reatha | Sprioclucah |
|---|---|---|---|
| Taighde | Cóimheas iomlán na bhfoilseachán/FTEanna na Foirne Acadúla | | |
| Taighde | Cóimheas iomlán na bhfoilseachán innéacsaithe/FTEanna na Foirne Acadúla | | |
| Taighde | Cóimheas iomlán na dtagairtí/FTEanna na Foirne Acadúla | | |
| Taighde | Tionchar na dTagairtí | | |
| Taighde | Cóimheas an ioncaim taighde/FTEanna na Foirne Acadúla | | |
| Taighde | Cóimheas na Mac léinn PhD Cláraithe/FTEanna na Foirne Acadúla | | |
| Taighde | Ráta críochnaithe PhDanna taobh istigh de 4 bliana (%) | | |
| Teagasc | Cóimheas FTEanna na Mac Léinn/na Foirne Acadúla | | |
| Teagasc | Cóimheas iomlán na mac léinn idirnáisiúnta/iomlán na mac léinn | | |
| Teagasc | Cóimheas na mac léinn neamhthraidisiúnta/iomlán na mac léinn | | |
| Teagasc | Coinneáil Iomlán (%) | | |
| Teagasc | Meastóireacht ar Mhic Léinn a cuireadh i gcrích (%) | | |
| Teagasc | Meánphointí CAO | | |
| Teagasc | Scór sástachta na mac léinn fochéime trí chéile | | |
| Pobal | Liosta imeachtaí agus tionscnamh a d’eagraigh an Scoil | | |

**Gníomhaíochtaí (an Bhliain Nua):**

| Spriocanna | Gníomhaíochtaí | Freagrach | Feabhas ar Fheidhmíocht |
|---|---|---|---|
| Taighde | Clár Oiliúna do Chéimithe | | |
| Taighde | Tionscnamh comhtháthaithe Institiúide agus Scoile | | |
| Taighde | Plean Foirne | | |
| Taighde | Ceardlann Tograí Taighde | | |
| Taighde | Scoil Iarchéime a Fhorbairt | | |
| Taighde | Lá taighde Coláiste agus rannpháirtíocht sa tionscal | | |
| Teagasc | Clár ríomhairí glúine ardfheidhmíochta | | |
| Teagasc | Athbhreithniú Curaclaim Cláir | | |
| Teagasc | Laethanta Oscailte agus Imeachtaí Speisialta | | |
| Teagasc | Clár Cuairte ar Scoileanna | | |
| Teagasc | Clár Máistreachta Nua | | |
| Teagasc | Próiseas éigeantach meastóireachta ar an teagasc | | |
| Teagasc | Tuairisc thagarmharcála ar an gcleachtas teagaisc | | |
| Próisis | Forbairtí maidir le Samhail Ualaigh Oibre | | |
| Próisis | Tionscnamh maidir le samhail RGAM | | |
| Próisis | Tionscnamh Oifige gan Pháipéar | | |
| Próisis | Tionscnamh rannpháirtíochta poiblí | | |
| Próisis | Tionscnamh Gaeilge | | |
| Próisis | Tionscnamh Saotharlainne Nua | | |
| Eagraíocht | Lá as baile bliantúil don Straitéis & na Gníomhartha | | |
| Eagraíocht | Tionscnaimh tinrimh mac léinn | | |
| Eagraíocht | Cláir mheantóireachta don fhoireann | | |
| Eagraíocht | Athbhreithniú ó bhoird chomhairleacha sa tionscal | | |

**Feabhsuithe ar éirigh leo (Anuraidh):**

| Spriocanna | Gníomhaíochtaí | Feabhas ar Fheidhmíocht |
|---|---|---|
| Teagasc | | |
| Teagasc | | |
| Teagasc | | |
| Taighde | | |
| Taighde | | |
| Taighde | | |
| Próisis | | |

| | | |
|---|---|---|
| Próisis | | |
| Próisis | | |
| Eagraíocht | | |
| Eagraíocht | | |
| Eagraíocht | | |

**Gníomhartha atá gan déanamh go fóill ó Athbhreithnithe Scoile agus Pleananna Gnímh IRRP**

| Athbhreithniú/Tuairisc | Gníomhaíochtaí | Freagrach | Feabhas ar Fheidhmíocht |
|---|---|---|---|
| Athbhreithniú Feabhais Scoile | | | |
| Athbhreithniú Feabhais Scoile | | | |
| Athbhreithniú Feabhais Scoile | | | |
| Athbhreithniú Feabhais Scoile | | | |
| IRRP | | | |
| IRRP | | | |
| IRRP | | | |
| IRRP | | | |
| Eile | | | |
| Eile | | | |
| Eile | | | |